C/2025/6342

21.11.2025

MOLADH AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH
an 25 Meán Fómhair 2025
maidir le scéim cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír
(BERS/2025/9)

(C/2025/6342)

BORD GINEARÁLTA AN BHOIRD EORPAIGH UM RIOSCA SISTÉAMACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Iarscríbhinn IX a ghabhann leis,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le formhaoirseacht stuamachta ar an macraileibhéal ag an Aontas Eorpach ar an gcóras airgeadais agus lena mbunaítear Bord Eorpach um Riosca Sistéamach ([2]), agus go háirithe Airteagal 3(2), pointe (d), agus Airteagail 16, 17 agus 18 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 ([3]),

Ag féachaint do Chinneadh BERS/2011/1 ón mBord Eorpach um Riosca Sistéamach an 20 Eanáir 2011 lena nglactar Rialacha Nós Imeachta an Bhoird Eorpaigh um Riosca Sistéamach ([4]), agus go háirithe Airteagal 18 agus Airteagal 19 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard atá i gcriptea-shócmhainní deighleog airgeadais atá ag fás go tapa, atá idirnasctha níos mó agus níos mó le sócmhainní traidisiúnta agus a chruthaíonn bealach tógálachta a éilíonn faireachán chun cobhsaíocht airgeadais a chosaint. Saintréith den chuid sin is ea iompraíochtaí amhantracha, trédhearcacht theoranta agus luaineacht mhór praghsanna chomh maith le cleachtais aindleathacha a tharlaíonn go minic. Tá cripteamhonaí cobhsaí, fothacar cripteashócmhainní atá ceaptha chun luach seasta a choinneáil i gcoibhneas le sócmhainní tagartha sonracha nó le bascaed sócmhainní, leathnaithe freisin agus úsáidtear iad go príomha chun rochtain a fháil ar chriptea-mhargaí agus chun iad a fhágáil. Is iondúil go mbíonn cripteamhonaí cobhsaí bunaithe ar chúlchistí amhail airgead tirim nó ionstraimí airgeadais fíorleachtacha atá i seilbh an eisitheora, lena n-áirítear taiscí arna sealbhú in institiúidí creidmheasa, ach bíonn comhdhéanamh agus riosca na gcúlchistí sin éagsúil ar fud eisitheoirí agus dlínsí. Tá na cúlchistí sin ríthábhachtach toisc nach mór d'eisitheoirí luach airgid a chur orthu go tapa má thagann an gá le hiarrataí fuascailte arna gcur isteach ag sealbhóirí comharthaí chun cinn. Dá bhrí sin, rannchuidíonn cúlchistí le hiontaoibh a choinneáil i luach an chripteamhona chobhsaí. Mar sin féin, mar gheall ar chineál cobhsaí cripteamhonaí a eisítear go príobháideach, mar aon le hábhair imní faoi cháilíocht agus trédhearcacht na gcúlchistí atá mar thaca dóibh, tá saincheisteanna bunúsacha ann don chóras airgeadais.

(2) Is féidir le leochaileachtaí cripteamhona cobhsaí, ó chúlchistí a d'fhéadfadh a bheith neamhleor go caillteanas muiníne sa mhargadh, an bonn a bhaint dá ról maíte mar mheán cobhsaí malartaithe agus stórála luacha, rud a d'fhéadfadh suaitíi a tharchur chuig an gcóras airgeadais i gcoitinne agus riosca sistéamach a mhéadú. Tháinig sé sin chun solais le linn chliseadh Silicon Valley Bank (SVB) an 11 Márta 2023, nuair a cuireadh leochaileachtaí suntasacha USDC (cripteamhona cobhsaí arna eisiúint ag Ciorcal) i dtábhacht mar thoradh ar dhíchliocht shuntasach USDC ina dhiaidh sin, ar leochaileachtaí iad a eascraíonn as an idirnasc idir institiúidí airgeadais. Cuireann sé sin béim ar an ngá atá le rialacha fónta, maoirseacht dhocht, agus forfheidhmiú iomchuí.

(3) Laistigh den Aontas, glacadh Rialachán (AE) 2023/1114 (dá ngairtear 'MiCAR' anseo feasta) chun foráil a dhéanamh maidir le creat lena leagtar síos ceanglais aonfhoirmeacha maidir le cripteashócmhainní a thairiscint don phobal, chomh maith le ligean isteach na gcripteashócmhainní sin chun a dtrádála, lena n-áirítear comharthaí sócmhainn-tagartha (ARTanna) agus comharthaí ríomh-airgid (EMTanna), lena gcruthaítear creat tiomnaithe comhchuibhithe le haghaidh margaí i gcripteashócmhainní ar leibhéal an Aontais. Measadh go raibh gá le creat uile-Aontais den sórt sin chun deimhneacht dhlíthiúil a chothú i gcripteashócmhainní agus chun nuálaíocht a chur chun cinn, agus cosaint infheisteoirí agus sláine an mhargaidh á n-áirithiú ag an am céanna, cobhsaíocht airgeadais agus oibriú rianúil córas íocaíochta á gcur chun cinn, aghaidh á tabhairt ar rioscaí beartais airgeadaíochta a d'fhéadfadh eascairt as criptea-mhargaí agus ceannasacht airgeadaíochta a choimirciú ar fud an Aontais.

([1]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1994/1/oj.
([2]) IO L 331, 15.12.2010, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1092/oj.
([3]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj.
([4]) IO C 58, 24.2.2011, lch. 4.

(4) Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as cineál nua scéime agus tá eisitheoir cripteamhona cobhsaí atá bunaithe san Aontas ag comhoibriú le heisitheoir nach eisitheoir de chuid an Aontais é chun EMTanna a eisiúint go comhpháirteach, ar cineál cripteamhona cobhsaí iad a shainmhínítear faoi Rialachán MiCAR. Tá na saintréithe teicniúla céanna ag EMTanna arna n-eisiúint ag an dá eintiteas agus cuireann na heisitheoirí i láthair iad mar EMTanna inmhalartaithe. Sa scéim seo (dá ngairtear 'scéim cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír' nó 'an scéim' anseo feasta), feidhmíonn gach eisitheoir faoi chreat dlíthiúil difriúil ina ndáiltear na cúlchistí lena dtacaítear leis na EMTanna ar dhlínsí éagsúla.

(5) Cé go rialaítear le MiCAR ileisiúint cripteashócmhainní inmhalartaithe laistigh den Aontas, ní thugtar aghaidh go sainráite ann ar an bhféidearthacht go mbeadh scéimeanna ann a bhfuil baint ag eisitheoir de chuid an Aontais agus eisitheoir tríú tír leo (lasmuigh den Aontas). Is é sin le rá, ní cheadaítear leis go sonrach scéimeanna cripteamhona cobhsaíil-eisitheoirí iltíre a oibriú. Is dócha go léiríonn sé sin rún na reachtóirí scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí a shrianadh d'eisitheoirí atá bunaithe san Aontas amháin, agus faoi réir coinníollacha áirithe. Cuirtear tuilleadh anailíse dlíthiúla i ndáil leis sin i láthair i *bpáipéar leathoifigiúil BCE maidir le hileisiúintí cripteamhona cobhsaí AE agus tríú tír* ([5]). Ós rud é nach bhfuil toirmeasc sainráite ar scéimeanna den sórt sin in MiCAR, bíonn cineálacha éagsúla cur chuige ann: measann roinnt údarás inniúil náisiúnta (ÚINanna) go gceadaítear na hileisitheoirí tríú tír sin faoi Rialachán MiCAR, agus measann údaráis eile nach gceadaítear iad faoi Rialachán MiCAR. Tá an éagsúlacht sin sa chur chuige contrártha do chuspóir MiCAR ceanglais aonfhoirmeacha a fhorchur. Go deimhin, cuireann an cás sin dúshlán roimh chineál an mhargaidh aonair, i gcás ina ndeonaíonn údarú ó ÚIN rochtain ar mhargadh iomlán an Aontais don eisitheoir trí nós imeachta an phas, rud a chiallaíonn go bhféadfaí scéimeanna a bhféadfadh riosca a bheith ag baint leo agus a diúltaíodh i mBallstát amháin a fhormheas i mBallstát eile agus go mbeidh siad fós ag feidhmiú sna Ballstáit eile, mar gheall ar phrionsabal na saorghluaiseachta seirbhísí. Dá bhrí sin, tá leibhéal ard éiginnteachta dlíthiúla sa staid reatha, rud a d'fhéadfaí a chur as an áireamh trí réiteach soiléir a chur ar fáil maidir le léirmhíniú an téacs dhlíthiúil.

(6) Braitheann oibriú scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír ar an toimhde go bhfuil creataí rialála na dtíortha lena mbaineann coibhéiseach. Mar sin féin, ní áirítear aon fhoráil in MiCAR maidir le measúnú coibhéise den sórt sin a dhéanamh. Ina ionad sin, ceanglaítear le hAirteagal 140(2), pointe (v), de Rialachán MiCAR ar an gCoimisiún, i gcomhairle leis an Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) agus leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM), tuarascáil a chur faoi bhráid reachtóirí an Aontais faoi mhí an Mheithimh 2027 ina ndéanfar meastóireacht ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le córas coibhéise a bhunú. I bhfianaise na hamlíne, meastar níos mó agus níos mó nach bhfuil sé oiriúnach fanacht leis an measúnú sin sula dtugtar aghaidh ar an tsaincheist.

(7) Mar gheall ar a struchtúr sonrach, lena mbaineann cúlchistí a choinneáil ar fud dlínsí agus eisitheoirí a oibríonn faoi chórais dhlíthiúla éagsúla, méadaíonn scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír rioscaí cobhsaíochta airgeadais agus baineann leochaileachtaí suntasacha leo: Ní féidir le húdaráis an Aontais measúnú leordhóthanach a dhéanamh ar bhainistiú riosca nó leordhóthanacht cúlchiste eisitheoirí nach eisitheoirí de chuid an Aontais iad, agus tá sásraí athchothromaithe le haghaidh aistrithe cúlchiste trasteorann an-leochaileach le linn tréimhsí struis, go háirithe má tá cúlchistí neamhleachtach nó má chuireann údaráis tríú tír srian ar a n-aistriú. Mar gheall ar an easpa ailínithe rialála a d'fhéadfadh a bheith ann idir an tAontas agus tríú tíortha, baintear an bonn d'fhorfheidhmiú beart, amhail uasteorainneacha MiCAR ar eisiúint cripteamhonaí cobhsaí arna n-ainmniú in airgeadra eachtrach, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'oibriú rianúil na gcóras íocaíochta agus spleáchas ar airgeadraí nach airgeadraí de chuid an Aontais iad a mhéadú. Cruthaítear leis freisin deiseanna le haghaidh arbatráiste rialála, lena ndreasaítear sealbhóirí comharthaí chun fuascailt a dhéanamh ó eisitheoirí an Aontais, go háirithe má fhorchuireann eisitheoirí tríú tír táillí nó moilleanna, nó má thiteann praghas an chripteamhona chobhsaí faoi bhun a chéile. Ina theannta sin, tá méadú tagtha ar líon na n-idirbheart mar gheall ar ghlacadh méadaitheach scéimeanna cripteamhonaí ileisitheoirí tríú tír san Aontas, rud a mhéadaíonn na rioscaí tógálachta, agus ag an am céanna cuireann úsáid fhorleathan tiachóg féinóstáilte agus rochtain theoranta ar shonraí bac ar iarrachtaí EMTanna a rianú agus cúlchistí leordhóthanacha a áirithiú. Méadaíonn scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí il-eisitheoirí tríú tír an dóchúlacht go mbeidh ritú fuascailte ann freisin, toisc go bhféadfadh sé go mbeadh ar eisitheoirí de chuid an Aontais aghaidh a thabhairt ar dhliteanais ó shealbhóirí comharthaí de chuid an Aontais agus ó shealbhóirí comharthaí nach comharthaí de chuid an Aontais iad araon, ar dliteanais iad a d'fhéadfadh a bheith neamhleor chun na cúlchistí faoi mhaoirseacht an Aontais a chomhlíonadh.

(8) Leis an spleáchas ar shásraí athchothromaithe trasteorann le haghaidh cúlchistí, tugtar isteach leochaileachtaí breise, go háirithe faoi dhálaí struis ina bhféadfaidh údaráis tríú tír tosaíocht a thabhairt do leasanna náisiúnta, rud a chuireann srian ar aistriú cistí. Fágann na lochtanna struchtúracha sin go bhfuil córas airgeadais an Aontais neamhchosanta ar an riosca tógálachta ó ghéarchéimeanna de thionscnamh tríú tíortha. Chuirfeadh sé ualach míchuí freisin ar údaráis mhaoirseachta an Aontais a bheadh freagrach as comhlíonadh na ndliteanas a chruthaítear lasmuigh dá sainchúram agus dá rialú a áirithiú.

([5]) BCE (2025), *páipéar leathoifigiúil BCE maidir le hileisiúintí cripteamhona cobhsaí AE agus tríú tíortha*, arna fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag www.consilium.europa.eu.

(9) Tá dúshláin shonracha ag baint le scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an Aontais (CASPanna), a d'fhéadfadh iarrataí ar fhuascailt idirmheánach ó shealbhóirí comharthaí neamh-AE mar chuid dá dtairiscint chaighdeánach seirbhísí. Agus an méid sin á dhéanamh acu, féadfaidh siad gníomhú mar bhealaí tógálachta ritíi fuascailte le linn tréimhsí struis sa mhargadh. D'fhéadfadh sé sin rioscaí reatha a mhéadú agus rioscaí leachtachta a thabhairt isteach sa mhargadh.

(10) Mar gheall ar fhás tapa ar an margadh agus iarrachtaí gnólachtaí údaruithe an Aontais a fháil chun scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír a oibriú, rud a léirítear le húdarú dhá eintiteas ó mhí Mheán Fómhair 2025, tá idirnascacht mhéadaithe le hinstitiúidí airgeadais á nginiúint freisin. Tá taiscí a bhaineann le cripteamhonaí cobhsaí á ndíriú ar líon beag banc, a méadaíonn a leochaileacht i leith suaití leachtachta, go háirithe i ndlínsí beaga, in éineacht leis na méaduithe ar a gcomhchruinnithe neamhchosaintí. Ina theannta sin, de réir mar a thagann méadú ar líon na scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír, d'fhéadfadh an idirnascthacht idir eisitheoirí agus bainc rioscaí tógálachta a ardú. Ina theannta sin, cuireann sonraí neamhleora maidir le cúlchistí cripteamhona cobhsaí, lena n-áirítear maidir lena chomhdhéanamh, agus sreafaí sócmhainní idir dlínsí bac ar éifeachtacht na maoirseachta, lena n-áirítear próisis amhail measúnú riosca agus calabrú cúlchiste. Cuireann na forbairtí sin béim ar ábharthacht na mbagairtí ar chobhsaíocht airgeadais an Aontais, ós rud é go bhféadfadh suaití diúltacha ón gcoigríoch a bheith ag leathadh isteach i gcóras airgeadais an Aontais mar thoradh orthu ar deireadh.

(11) Mar gheall ar an staid sin atá ag athrú go tapa, is gá aghaidh a thabhairt gan mhoill ar na rioscaí sainaitheanta don chobhsaíocht airgeadais, chun cosc a chur ar theacht chun cinn na rioscaí sin nó chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu a mhaolú. Is léiriú é an méadú atá ag teacht ar mhéid na gcripteamhonaí cobhsaí atá i gcúrsaíocht ar an bpráinn a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin.

(12) I bhfianaise an mhéid thuas, cuireann an Bord Eorpach um Riosca Sistéamach (BERS) sraith moltaí i láthair leis seo arb é is aidhm dóibh deireadh a chur leis na rioscaí cobhsaíochta airgeadais a bhaineann go dlúth le scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír nó iad a mhaolú. Tá na moltaí sin bunaithe ar obair anailíseach Thascfhórsa BERS maidir le Cripteashócmhainní agus Airgeadas Díláraithe, mar a leagtar amach i dtuarascáil 2025 uaidh. Tá na moltaí sa doiciméad seo ailínithe le prionsabal na neodrachta teicneolaíche, lena n-áirithítear nach gcuireann siad bac ar dhul chun cinn na nuálaíochta teicneolaíche agus airgeadais san Aontas, ach ina ionad sin go ndírítear leo ar rioscaí a mheastar a bheith suntasach do chobhsaíocht airgeadais an Aontais a mhaolú.

(13) Tá Moladh A ceaptha chun a áirithiú, go háirithe, in éagmais córas dlí lena dtugtar aghaidh go sonrach ar scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír, go mbeidh tosaíocht ag ábhair imní maidir le cobhsaíocht airgeadais, agus dá bhrí sin, go léirmhíneoidh an Coimisiún MiCAR mar ní a cheadaíonn scéimeanna den sórt sin. Lagaíonn leochaileachtaí struchtúracha scéimeanna den sórt sin creat stuamachta an Aontais go mór tríd an dóchúlacht go mbeidh ritíi fuascailte, neamhréireanna leachtachta agus arbatráiste rialála ann a mhéadú. Leis an easpa maoirseachta ar eisitheoirí tríú tír agus leochaileacht sásraí athchothromaithe cúlchiste trasteorann, méadaítear na rioscaí sin a thuilleadh. Trí sheasamh neamh-inghlacthachta a ghlacadh, chuirfí deireadh leis na rioscaí sistéamacha a bhaineann le scéimeanna den sórt sin.

(14) Más rud é, ar an taobh eile, go leanfaidh na scéimeanna de bheith ag oibriú, ba cheart iad a bheith faoi réir creat tiomnaithe lena bhforáiltear do choimircí atá leordhóthanach dá rioscaí. Ceapadh Moladh B chun a áirithiú go mbunófar creat chun measúnú a dhéanamh ar choibhéis rialacháin cripteamhona cobhsaí tríú tíortha le ceanglais MiCAR. Cruthaíonn an easpa ailínithe rialála idir an tAontas agus tríú tíortha bearnaí forfheidhmiúcháin a bhaineann an bonn de na coimircí don chobhsaíocht airgeadais agus d'oibriú rianúil na gcóras íocaíochta. Gan choibhéis, d'fhéadfadh eisitheoirí tríú tír an bonn a bhaint de choimircí an Aontais, rud a mhéadódh an dóchúlacht go ndéanfaí iarmhairtí díchobhsaitheacha ar chóras airgeadais an Aontais. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach coibhéis a bhunú chun sásraí athchothromaithe cúlchiste a fheabhsú faoi ghnáthdhálaí agus faoi strus araon. Tá sé sin i gcomhréir le sainordú an Choimisiúin faoi Airteagal 140(2), pointe (v), de Rialachán MiCAR.

(15) Tá Moladh C ceaptha chun comhaontuithe comhair maoirseachta a bhunú le tríú tíortha maidir le maoirseacht a dhéanamh ar scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tíortha. Trí mhaoirseacht chomhordaithe a chur chun cinn, féachtar leis an moladh seo le cobhsaíocht airgeadais laistigh den Aontas a chosaint agus sláine a chreata rialála a chaomhnú.

(16) Tá Moladh D ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar na bacainní ar shoghluaisteacht trasteorann cúlchistí chun freagairt do rioscaí reatha a d'fhéadfadh eascairt as lasmuigh den Aontas, go háirithe le linn tréimhsí struis, téarnaimh nó réitigh. Léiríonn fianaise stairiúil gur dócha go mbeidh srianta ar shreafaí cúlchiste le linn teagmhais den sórt sin. Trí aghaidh a thabhairt ar bhacainní teicniúla agus dlíthiúla ar shoghluaisteacht a fhorchoimeád, féachtar leis an moladh seo lena áirithiú go gcomhlíonfar iarrataí ar fhuascailt go tráthúil ar fud dlínsí.

(17) Tá Moladh E ceaptha chun a áirithiú go mbeidh scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír faoi réir mhaoirseacht láraithe an Aontais faoi mheasúnú comhréireachta. Le roinnt na gcúlchistí idir dlínsí chomh maith leis na sonraí neamhiomlána maidir le sealbhóirí comharthaí agus leordhóthanacht cúlchiste, méadaítear an dóchúlacht go dtarlóidh ritú fuascailte, dócmhainneachtaí, agus tógálacht do bhainc. D'fhéadfadh éifeachtaí tréadaíochta le linn géarchéimeanna, arna méadú ag sreafaí faisnéise, margaí a dhíchobhsú a thuilleadh. Chun aghaidh a thabhairt air sin, d'áireofaí leis na leasuithe atá beartaithe ar MiCAR rannpháirtíocht i scéim cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír mar cheann de na critéir chun tábhacht ARTanna agus EMTanna a chinneadh, rud a d'fhágfadh go mbeadh ar ÚBE maoirseacht a dhéanamh. Áirithítear leis an gcur chuige sin maoirseacht chomhréireach bunaithe ar scála agus ar lorg idirnáisiúnta na scéimeanna.

(18) Ba cheart do ÚBE leanúint de chóineasú a chothú i gcur chuige maoirseachta i leith scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír ar fud an Aontais, le linn an nós imeachta údarúcháin agus le linn na maoirseachta leanúnaí, agus na forálacha neamh-spriocdhírithe atá ann cheana in MiCAR á ngiaráil aige. Ceapadh Moladh F chun a áirithiú go soiléireoidh treoirlínte ÚBE agus caighdeáin rialála ábhartha eile cleachtais mhaoirseachta ar fud an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sonracha cobhsaíochta airgeadais a bhaineann le scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír. Díríonn sé ar cheanglais stuamachta a fhorfheidhmiú atá comhréireach leis na rioscaí, bunaithe ar mheasúnú riosca críochnúil. Ina theannta sin, spreagann sé údaráis mhaoirseachta chun giaráil a dhéanamh ar an gcreat atá ann cheana chun ceanglais stuamachta atá comhréireach leis na rioscaí gaolmhara a fhorfheidhmiú.

(19) Tá Moladh G ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar an gcaoi a bhféadfadh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an Aontais rannchuidiú le fuascailtí trasteorann cripteamhonaí cobhsaí idirmhalartacha a mhéadú, i gcomhthéacs scéimeanna ileisitheoirí tríú tír. Tá gá le hiarracht leanúnach ÚEUM cóineasú maoirseachta a fheabhsú agus bearta maolaitheacha a thabhairt isteach ionas nach mbeidh cleachtais mhíchothroma ar fud an Aontais mar thoradh ar mhaoirseacht agus 'pas' soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar an leibhéal náisiúnta.

(20) Ceapadh Moladh H chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí oibriúcháin trína cheangal ar eisitheoirí an Aontais a léiriú go bhfuil institiúidí airgeadais a thacaíonn le hoibríochtaí eisitheoirí tríú tír in ann díolacháin sócmhainní a dhéanamh, aistrithe cistí trasteorann a phróiseáil, agus rochtain ar chórais íocaíochta idirnáisiúnta a choinneáil ar bun. Ba cheart d'údaráis mhaoirseachta an fhianaise sin a fhíorú agus, i gcás ina gceadaítear sin de réir an dlí, faisnéis bhreise a bhailiú chun maoirseacht éifeachtach a áirithiú agus chun cobhsaíocht scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír a choimirciú.

(21) Tá Moladh I ceaptha ionas go mbeidh rochtain ag údaráis inniúla, a mhéid a cheadaítear faoin gcreat dlíthiúil atá ann cheana, ar shonraí iontaofa atá fíor-riachtanach chun maoirseacht a dhéanamh ar na scéimeanna. Eascraíonn bearnaí suntasacha sonraí as ardáin nach ardáin de chuid an Aontais iad agus as tiachóga féinóstáilte a úsáid, agus cuireann cleachtais tuairiscithe neamhréireacha bac breise ar mhaoirseacht. Beidh sé ríthábhachtach forfheidhmiú na n-oibleagáidí tuairiscithe a neartú agus tuairisciú MiCAR a leathnú chun maoirseacht éifeachtach agus bainistiú riosca a dhéanamh.

(22) Tá Moladh J ceaptha trédhearcacht a fheabhsú trí bhíthin nochtuithe páipéir bháin le haghaidh ARTanna agus EMTanna a bhfuil baint acu le scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír. Le faisnéis chuimsitheach maidir le struchtúr, rialachas agus spleáchais tríú tír, cuirfear feabhas ar mheasúnú riosca, cuirfear cosc ar mhífhaisnéis ar chomhlíonadh MiCAR agus neartófar muinín an mhargaidh. Le trédhearcacht fheabhsaithe, tacófar le cinnteoireacht eolasach agus maoirseacht éifeachtach, agus laghdófar an baol go ndéanfaí ritú fuascailte díchobhsaitheacha,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A GHLACADH:

ROINN 1

TEISTIMÉIREACHTAÍ

Moladh A — Neamh-inghlacthacht scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír san Aontas a bhunú

I bhfianaise na rioscaí cobhsaíochta airgeadais a ghineann scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír, moltar nach measfaidh an Coimisiún go gceadaítear na scéimeanna laistigh de chreat MiCAR atá ann faoi láthair.

Má mheasann an Coimisiún a mhalairt, ba cheart na scéimeanna a bheith faoi réir creat tiomnaithe lena bhforáiltear do choimircí leordhóthanacha amhail iad siúd a thuairiscítear sna moltaí ina dhiaidh sin. Is é is aidhm dóibh sin bearta comhsheasmhacha a áirithiú ar fud an Aontais chun na rioscaí cobhsaíochta airgeadais sainaitheanta a mhaolú go héifeachtach.

Moladh B — Creat a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar choibhéis chórais dlí tríú tíortha

Chun arbatráiste rialála a chosc, moltar don Choimisiún creat a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil córais dlí tríú tír le haghaidh cripteamhonaí cobhsaí ailínithe le MiCAR.

Moltar don Choimisiún leasuithe reachtacha a mholadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) creat a bhunú, mar ábhar práinne, chun measúnú a dhéanamh ar choibhéis córas rialála agus maoirseachta tríú tír lena rialaítear eintitis a sholáthraíonn seirbhísí cripteashócmhainní chomh maith le heisitheoirí cripteamhonaí cobhsaí a bhfuil saintréithe acu atá cosúil le comharthaí sócmhainn-tagartha agus le comharthaí ríomh-airgid. Ba cheart a chur san áireamh sa chreat sin na rioscaí a eascraíonn as scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír. Chun go measfar go bhfuil córas tríú tír coibhéiseach le córas an Aontais, agus chun a áirithiú nach bhfuil sé chomh dian céanna leis na cinn a cheanglaítear faoi Rialachán MiCAR, ba cheart na gnéithe seo a leanas a mheas: ceanglais stuamachta agus mhaoirseachta; caighdeáin bainistithe riosca — lena n-áirítear tástáil struis — is infheidhme maidir leis an eisitheoir; ceart sealbhóirí fuascailt a dhéanamh ar parluach agus gan aon táillí, ach amháin i gcásanna géarchéime; comhdhéanamh na gcúlchistí; creataí bainistithe géarchéime (pleananna téarnaimh agus fuascailte) agus coimircí frithsciúrtha airgid. Ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar reachtaíocht baincéireachta an tríú tír, go háirithe na gnéithe a bhaineann le scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír. Go háirithe, níor cheart bainc a bhfuil baint acu le cripteamhona cobhsaí a eisiúint a bheith díolmhaithe ó chóimheas giarála, ó cheanglais chaipitil rioscabhunaithe, agus ó cheanglais leachtachta;

(b) a bhunú go bhfuil an fhreagracht ar an gCoimisiún féin a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil córas tríú tír coibhéiseach le creat dlíthiúil an Aontais, ionas nach ndéanfaidh ÚINanna éagsúla measúnuithe a d'fhéadfadh a bheith éagsúil maidir leis an gcóras tríú tír céanna;

(c) córas idirthréimhseach a bhunú lena gceanglófar ar ÚINanna athbhreithniú a dhéanamh, laistigh de thréimhse shocraithe tar éis theacht i bhfeidhm an chreata coibhéise, ar aon údaruithe eisitheoirí atá ann cheana i scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír, agus an rogha ann an t-údarú a tharraingt siar, más gá.

Moladh C — Comhar le tríú tíortha a fheabhsú

Moltar don Choimisiún comhaontuithe comhair idirnáisiúnta a bhunú maidir le maoirseacht a dhéanamh ar scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tíortha chun faireachán ar ghníomhaíochtaí trasteorann a áirithiú.

Moladh D — Aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar shoghluaisteacht cúlsócmhainní a bhaineann le rioscaí reatha trasteorann

Moltar don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar bhacainní teicniúla agus dlíthiúla a bheith ann agus ar an tionchar eacnamaíoch atá acu a d'fhéadfadh bac a chur ar shoghluaisteacht cúlsócmhainní idir dlínsí an dá eisitheoir a bhfuil baint acu le scéim cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír, i gcomhthéacs an tsásra athchothromaithe le haghaidh cúlchistí cripteamhonaí cobhsaí, mar chomhlánú ar an measúnú coibhéise.

Ba cheart don údarás maoirseachta (ÚBE nó ÚIN) measúnú den sórt sin a chur san áireamh agus leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar bhacainní a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí maoirseachta.

Moladh E — Na critéir maidir le haicmiú mar chritéir shuntasacha a leasú

Moltar don Choimisiún Airteagail 43 agus 56 de Rialachán MiCAR a leasú chun rannpháirtíocht i scéim cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír a áireamh go sainráite mar chritéar chun comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid a aicmiú mar chomharthaí suntasacha.

Tá gá le maoirseacht láraithe an Aontais ar scéimeanna cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír, faoi mheasúnú comhréireachta, chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sonracha cobhsaíochta airgeadais a eascraíonn as na scéimeanna. Dá bhrí sin, ba cheart an critéar sin a mheas in éineacht leis na critéir eile atá ann cheana chun measúnú a dhéanamh ar thábhacht agus, in imthosca áirithe, ba cheart an mhaoirseacht a aistriú chuig ÚBE. Ba cheart don ÚBE rannchuidiú le critéar den sórt sin a fhorbairt.

Moladh F — Ceanglais stuamachta a fheabhsú

I dteannta na bhforálacha a luaitear in aithris 17, moltar do ÚBE treoirlínte agus caighdeáin rialála eile is infheidhme maidir le heisitheoirí an Aontais a bhfuil baint acu le scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír a thabhairt cothrom le dáta. Leis na nuashonruithe sin, ba cheart treoir a thabhairt do na húdaráis chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus chun rannchuidiú le bearta maoirseachta a chalabrú lena maolaítear rioscaí den sórt sin agus lena gcothaítear cóineasú maoirseachta. Ba cheart don ÚBE a áirithiú, go háirithe, go léiríonn cásanna tástála leachtachta agus tástála struis caipitil saintréithe na scéimeanna.

Moladh G — Cóineasú maoirseachta a chothú le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní

Moltar do ÚEUM leanúint de chóineasú a chothú i gcur chuige maoirseachta le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ar fud an Aontais, go háirithe i bhfianaise an riosca a bhaineann le fuascailtí trasteorann cripteamhonaí cobhsaí idirmhalartacha a mhéadú i gcomhthéacs scéimeanna ileisitheoirí tríú tír.

Moladh H — Measúnú a dhéanamh ar ullmhacht idirbheart trasteorann

Moltar d'údarás maoirseachta eisitheoir an Aontais (ÚBE nó NCA) a cheangal ar eisitheoirí de chuid an Aontais fianaise a sholáthar gur féidir le hinstitiúidí airgeadais (san Aontas agus i dtríú tíortha araon) a thacaíonn leis na scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír ábhartha díolacháin sócmhainní a chur i gcrích go pras, aistrithe cistí trasteorann a phróiseáil, agus rochtain ar chórais íocaíochta idirnáisiúnta a choinneáil ar bun. Ba cheart don údarás inniúil freisin, i gcás ina gceadaítear sin de réir an dlí, faisnéis a bhailiú ó eintitis ábhartha tríú tír chun leithdháileadh éifeachtach cúlchiste a fhíorú mar aon leis an gcumas aistrithe prasa cistí a fhorghníomhú.

Moladh I — A áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ag na húdaráis inniúla ar shonraí ábhartha

Moltar d'údarás maoirseachta eisitheoir an Aontais (ÚBE nó NCA) na cumhachtaí maoirseachta atá aige cheana faoi Airteagal 94(1) de Rialachán MiCA a ghiaráil chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a cheangal gur féidir le heintitis a dhéanann iarratas ar údarú mar eisitheoir de chuid an Aontais a bhfuil baint acu le scéim cripteamhona cobhsaí ileisitheoirí tríú tír sonraí cuimsitheacha iontaofa a sholáthar go comhsheasmhach lenar féidir maoirseacht éifeachtach a dhéanamh. Ní mór a áireamh leis sin faisnéis thráthúil chruinn maidir le comharthaí atá i gcúrsaíocht laistigh agus lasmuigh den Aontas agus cineál na sealbhóirí comharthaí (e.g. teaghlaigh, institiúidí neamhairgeadais agus airgeadais);

(b) a iarraidh go soláthróidh eisitheoirí an Aontais tuarascálacha mionsonraithe maidir le comharthaí arna n-eisiúint, chomh maith le comhdhéanamh agus suíomh na gcúlsócmhainní ar fud dlínsí ina n-eisítear nó ina scaiptear na comharthaí, chun ligean do mhaoirseoirí measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht na gcúlchistí atá lonnaithe san Aontas.

Moladh J — An trédhearcacht a mhéadú trí nochtadh

Moltar do ÚEUM treoraíocht a eisiúint chun caighdeánú a dhéanamh ar inneachar na bpáipéar bán a úsáideann eisitheoirí an Aontais a oibríonn scéimeanna cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír, lena n-áirithítear go leagtar amach go soiléir iontu na rioscaí sonracha a bhaineann leis na socruithe sin, lena n-áirítear a struchtúr, a rialachas agus a spleáchais ar eintitis tríú tír.

ROINN 2

CUR CHUN FEIDHME

1. **Sainmhínithe**

Chun críocha an Mholta seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'cripteashócmhainn' cripteashócmhainn mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5), de Rialachán MiCAR;

(b) ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní' soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (15), de Rialachán MiCAR;

(c) ciallaíonn 'cripteamhona cobhsaí' fothacar cripteashócmhainní arb é is aidhm dóibh luach cobhsaí a choinneáil trí thacaíocht a fháil ó chúlchistí amhail airgead tirim nó ionstraimí airgeadais fíorleachtacha, nó trína bheith pionnáilte le sócmhainní tagartha áirithe;

(d) ciallaíonn 'comhartha sócmhainn-tagartha' comhartha sócmhainn-tagartha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (6), de Rialachán MiCAR;

(e) ciallaíonn 'comhartha ríomh-airgid' comhartha ríomh-airgid mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (7), de Rialachán MiCAR;

(f) ciallaíonn 'scéim cripteamhonaí cobhsaí ileisitheoirí tríú tír' samhail eisiúna cripteamhonaí cobhsaí ina gcomhoibríonn eisitheoir atá bunaithe san Aontas le heisitheoir nach eisitheoir de chuid an Aontais é chun comharthaí ríomh-airgid nó comharthaí sócmhainn-tagartha a bhfuil na saintréithe teicniúla céanna acu agus a mheastar a bheith inmhalartaithe a eisiúint go comhpháirteach, agus ina n-oibríonn na heisitheoirí faoi dhlínsí éagsúla leis na cúlchistí arna roinnt eatarthu;

(g) ciallaíonn 'údarás inniúil' údarás inniúil mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (35), de Rialachán MiCAR;

(h) ciallaíonn 'eisitheoir' eisitheoir mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (10), de Rialachán MiCAR;

(i) ciallaíonn 'taisc' taisce mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (3), de Threoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]);

(j) ciallaíonn 'cúlchistí' cúlchiste sócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (32), de Rialachán MiCAR;

(k) ciallaíonn 'sásra athchothromaithe' córas nó próiseas lena gcumasaítear aistriú cúlchistí idir dlínsí chun iarrataí fuascailte ar chomharthaí a chomhlíonadh;

(l) ciallaíonn 'institiúid creidmheasa' institiúid creidmheasa mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus a údaraítear faoi Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

2. **Critéir maidir le cur chun feidhme**

Tá feidhm ag na critéir seo a leanas maidir le cur chun feidhme an Mholta seo:

(a) ba cheart aird chuí a thabhairt ar phrionsabal na comhréireachta, agus cuspóir agus inneachar gach molta á gcur san áireamh;

(b) ba cheart gach scéim cripteamhona cobhsaí ileisitheoir tríú tír a chur san áireamh agus na moltaí á gcur chun feidhme;

(c) ba cheart arbatráiste rialála a sheachaint.

3. **Amlíne don obair leantach**

I gcomhréir le hAirteagal 17(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1092/2010, ní mór do sheolaithe na gníomhaíochtaí a rinneadh mar fhreagairt ar an Moladh seo a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, don Choimisiún agus do BERS nó bunús a thabhairt le haon neamhghníomhaíocht. Iarrtar ar sheolaithe an teachtaireacht a chur isteach i gcomhréir leis na hamlínte seo a leanas:

1. Moladh A

   Faoin 31 Nollaig 2025, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil a sheachadadh chuig BERS agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Mholadh A.

2. Moladh B

   Faoin 31 Nollaig 2026, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil a sheachadadh chuig BERS agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Mholadh B.

3. Moladh C

   Faoin 31 Nollaig 2026, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil a sheachadadh chuig BERS agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Mholadh C.

4. Moladh D

   Faoin 31 Nollaig 2026, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil maidir le cur chun feidhme Mholadh D a chur faoi bhráid BERS agus na Comhairle.

5. Moladh E

   Faoin 31 Nollaig 2026, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil a chur faoi bhráid BERS agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme Mholadh E.

6. Moladh F

   Faoin 31 Nollaig 2027, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil a sheachadadh chuig BERS agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Mholadh F.

7. Moladh G

   Faoin 31 Nollaig 2027, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil maidir le cur chun feidhme Mholadh G a chur faoi bhráid BERS agus na Comhairle.

([6]) Treoir 2014/49/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le scéimeanna ráthaithe taiscí (IO L 173, 12.6.2014, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/49/oj).

([7]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([8]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

8. Moladh H

Faoin 31 Nollaig 2026, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil a sheachadadh chuig BERS agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Mholadh H.

9. Moladh I

Faoin 31 Nollaig 2026, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil maidir le cur chun feidhme Mholadh I a chur faoi bhráid BERS agus na Comhairle.

10. Moladh J

Faoin 31 Nollaig 2026, iarrtar ar na húdaráis ábhartha tuarascáil a chur faoi bhráid BERS agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme Mholadh J.

4. **Faireachán agus measúnú**

1. Déanfaidh Rúnaíocht BERS an méid seo a leanas:

(a) cúnamh a thabhairt do na seolaithe, comhordú an tuairiscithe agus soláthar na dteimpléad ábhartha a áirithiú, agus mionsonrú a dhéanamh, i gcás inar gá, ar an nós imeachta agus ar an amlíne don obair leantach;

(b) an obair leantach a dhéanann na seolaithe a fhíorú, cúnamh a thabhairt arna iarraidh sin dóibh, agus tuarascálacha leantacha a chur faoi bhráid an Bhoird Ghinearálta.

2. Déanfaidh an Bord Ginearálta measúnú ar na gníomhaíochtaí agus na réasúnuithe a thuairiscigh na seolaithe agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé a chinneadh nár cuireadh an Moladh seo chun feidhme agus gur mhainnigh seolaí údar leordhóthanach a thabhairt dá neamhghníomhaíocht.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 25 Meán Fómhair 2025.

Ceann Rúnaíocht BERS,
Ar son Bhord Ginearálta BERS
Francesco MAZZAFERRO